



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

ADVANCED
General Certificate of Education
2011

Fisic

Aonad Measúnaithe A2 3
Teicnící Praiticiúla
(Measúnú Inmheánach)
Seisiún 1

[AY231]

DÉ LUAIN 9 BEALTAINE, MAIDIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Tiontaigh go leathanach 2 le haghaidh Treoir agus Faisnéis bhreise.

Uimhir Ceiste	Marcanna	
	Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora
1		
2		
3		
Marc Iomlán		

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Freagair na ceisteanna **uilig** sa leabhrán seo. Ní mór obair gharbh agus ríomhaireachtaí a dhéanamh sa leabhrán seo chomh maith. Mura n-iarrtar ort é, ná cuir síos ar an fhearas ná ar nósanna imeachta turgnamhacha. Cuirfidh an Feitheoir in iúl duit an t-ord inar chóir duit na ceisteanna a fhreagairt. Níor chóir duit níos mó ná 30 nóiméad a chaitheamh ar gach ceist. Is féidir go n-iarrfar ort tosú leis na táistálacha turgnamhacha i Roinn A, nó leis an cheist aonair i Roinn B.

Tá dhá tháistail thurgnamhacha i Roinn A. Beidh an fearas ar fáil duit ar feadh 28 nóiméad. Beidh dhá nóiméad ag an Fheitheoir ansin leis an stáisiún a ullmhú don chéad iarrthóir eile. I ndeireadh na tréimhse 30 nóiméad iarrfar ort dul go dtí an áit atá leagtha amach don chéad cheist eile. Tá ceist amháin i Roinn B ina ndéanfar tú a tháistail ar ghnéithe pleinála agus dearaidh.

FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.

Tá 20 marc ag dul do gach ceist.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach cuid de cheist.

Tá cead agat áireamhán leictreonach a úsáid.

LEATHANACH BÁN

(Cuirtear tú le ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

Roinn A


- 1 Sa turgnamh seo, beidh lionsa inrémneach in úsáid agat le híomhána réada a fhócasú ar scáileán. Déanfaidh tú fad an réada agus fad na híomhá a thomhas chomh maith le méid na híomhá.

Is iad seo a leanas aidhmeanna an turgnaimh:

- íomhána fócasaithe den réad a fháil agus tomhais a ghlacadh d'fhad an réada agus d'fhad na híomhá, agus de mhéid na híomhá;
- na tortaí a úsáid le graf líneach a bhreacadh;
- an graf a úsáid le fad fócasach an lionsa a fháil.


Fearas

Is é an fearas atá ann réad soilsithe, lionsa inrémneach, scáileán agus rialóir méadair agus tá siad seo uilig curtha i dtreoir in **Fíor 1.1**. Is é atá sa réad dhá líne chrosáilte agus fáinne leata ciorclach mar a thaispeantar in **Fíor 1.2**. Tá na línte ann leis an fhócasú a éascú. Is é atá sa scáileán ná eangach ghraif dar cearnóga **2 mm**.



Fíor 1.1

In **Fíor 1.1** is é u an fad idir an réad soilsithe agus an lionsa (fad an réada) agus is é v an fad idir an lionsa agus an íomhá chomhfhreagrach ghlanfhócsaithe ar an scáileán (fad na híomhá).



Fíor 1.2

Marc Müinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (a) Socraigh fad an réada u ag 120 mm agus coigearthaigh suíomh an scáileán go bhfaightear íomhá ghlánfhócsaithe den réad. Tomhais fad na híomhá v agus trastomhas inmheánach d na híomhá (féach **Fíor 1.2**). Taifead na luachanna seo in **Tábla 1.1**.

Lean an nós imeachta seo arís ar an dóigh chéanna le cúig thacar torthaí a fháil le haghaidh luachanna u atá in **Tábla 1.1** agus taifead na torthaí seo.

Tábla 1.1

u/mm	v/mm	d/mm
120		
140		
160		
180		
200		

[5]

- (b) Breac graf de v ar an y-ais ar d ar an x-ais ar an eangach in **Fíor 1.3**. Roghnaigh scála cuí, lipéadaigh na haiseanna, breac na pointí agus tarraing líne an oiriúnaithe is fearr. [4]

Is le **Cothromóid 1.1** a thugtar an gaol idir v agus d

$$v = Ad + F \quad \text{Cothromóid 1.1}$$

áit ar tairisigh iad A agus F le haghaidh an chóiriúcháin thurgnamhaigh seo.

- (c) Úsáid an graf le luachanna a fháil le haghaidh na dtairiseach A agus F . Taispeáin go soiléir cad é mar a fhaightear na luachanna agus luaigh na luachanna mar aon le haonaid, san áit ar cuí sin, anseo thíos.

$$A = \underline{\hspace{5cm}}$$

$$F = \underline{\hspace{5cm}}$$

[5]

Marc Müinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

(d) Tá éiginnteacht thurgnamhach ann sa luach le haghaidh gach ceann de na faid íomhá.

(i) Luaign **dhá** thoisc thurgnamhacha a chuireann leis an éiginnteacht seo.

1. _____

2. _____ [2]

(ii) Déan meastachán ar an éiginnteacht atá sa luach le haghaidh an fhaid idir an lionsa agus an íomhá.

Éiginnteacht = \pm _____ [1]


(iii) Úsáid an graf leis an éiginnteacht atá i luach F a fháil.

Éiginnteacht in F = \pm _____ [2]

(iv) Is é F fad fócasach an lionsa. Is mar 100 mm a thugtar luach F an déantúsóra. Ríomh an difríocht chéatadánach idir an luach a rinne tú a ríomh i gcuid (**c**) agus luach an déantúsóra.

Difríocht chéatadánach idir luachanna F = _____ % [1]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc



Fíor 1.3

- 2 Sa turgnamh seo tá ort imscrúdú a dhéanamh ar dhíluchtú líonra toilleora trí fhriotóir.


Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

Is iad seo a leanas aidhmeanna an turgnaimh:

- tomhais a ghlacadh den sruth díluchtúcháin le ham;
- na tortaí a úsáid le graf dronlínéach logartaim aiceanta a bhreacadh;
- an graf a úsáid leis an toilleas a fháil ó thomhas de thairiseach ama an chiorcaid;
- cóiriúchán na dtoilleoirí sa líonra a dhéanamh amach.

Fearas

Ar fáil duit tá bosca ina bhfuil friotóir agus líonra dhá thoilleoir. Tá lasc ar fáil le go dtig leis an líonra toilleora luchtú agus díluchtú. Tá soláthar s.d. ceangailte de phéire amháin teirminéal ar an bhosca. Tá miocraimpmhéadar digiteach ceangailte den phéire eile teirminéal. Tá stopchlog ar fáil duit chomh maith.



Fíor 2.1

- (a) Socraigh an lasc sa suíomh luchtúcháin ar feadh cúpla soicind. Socraigh an lasc sa suíomh díluchtúcháin agus, ag an am céanna, cuir an stopchlog ar obair. Caithfidh tú sraith de léamha shruth I a ghlacadh ar eatraimh deich soicind go ceann 90 soicind. Taifead na tortaí in **Tábla 2.1**.

Tábla 2.1

t/s	I/ μ A	
0		
10		
20		
30		
40		
50		
60		
70		
80		
90		

[5]

I ndiaidh do líonra toilleora luchtaithe dar toilleas C díluchtú trí fhriotóir dar friotaíocht R , beidh an sruth I tríd an fhriotóir ag athrú de réir na cothromóide

$$I = I_o e^{-\frac{t}{CR}} \quad \text{Cothromód 2.1}$$

áit arb é I_o an sruth tosaigh agus arb é CR tairiseach ama an chiorcaid.

- (b) Caithfidh tú luach an tairisigh ama CR a fháil ón ghráf líneach a fuarthas trí **logartam aiceanta In an tsrutha I a bhreacadh ar am t**. Agus **Cothromód 2.1** in úsáid mar phointe tosaigh agat, taispeán gur graf líneach a gheofar ón bhreacadh seo.

[2]

Marc Müinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (c) (i) Déan na ríomhaireachtaí atá de dhíth leis an ghráf líneach a bhreacadh agus cuir na luachanna sa cholún bhán in **Tábla 2.1**. Cuir lipéad cuí ar an cholún. [2]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc


- (ii) An eangach ghraif in **Fíor 2.2** in úsáid agat, roghnaigh scálaí cuí, lipéadaigh na haiseanna, breac na pointí agus tarraing an dronlín is fearr. [5]
- (iii) Faigh an tairiseach ama le haghaidh an chiorcaid díluchtúcháin, taifead an luach agus luaigh aonad cuí.

$CR = \underline{\hspace{2cm}}$ [4]

- (d) Is é $15\text{k}\Omega$ friotaíocht an fhriotóra sa chiorcad díluchtúcháin agus is é 1000\mu F toilleas gach ceann den dá thoilleoir. An fhaisnéis seo agus an luach a fuair tú le haghaidh thairiseach ama an chiorcaid in úsáid agat, oibrigh amach cé acu atá an dá thoilleoir sraithcheangailte nó treocheangailte. Cuir do rogha in iúl trí thic a chur sa bhosca chuí agus mínígh an rogha agat.

- sraithcheangailte
 treocheangailte
-
-
-


[2]



Fíor 2.2

Roinn B

- 3 Taispeánann an léaráid seo thíos leacht in U-fheadán darb achar trasghearrthach aonfhoirmeach. Sa cheist seo caithfidh tú turgnamh a phleanáil le tréimhse ascalaithe an leachta seo a fháil.



Fíor 3.1

Abair go ndéantar an leacht ar thaobh amháin den U-fheadán a bhrú síos trí bheith ag séideadh go réidh ar thaobh amháin. Beidh leibhéal an leachta ag ascalú ar feadh tamall beag ansin thart ar shuíomh cothromáiochta O sula dtiocfaidh siad ar fos ar deireadh, féach Fíor 3.1.

- (a) (i) Cuir síos ar thurgnamh lena fháil amach cad é mar atá an tréimhse ascalaithe T ag brath ar fhad iomlán l an leachta san fheadán. Ba chóir go mbeadh na rudaí seo a leanas sa fhreagra agat:

- an nós imeachta, ar a n-áirítear na tomhais atá le glacadh agus an dóigh a nglacfar iad;
 - an dóigh ar chóir na torthaí a phróiseáil le luachanna thréimhse ascalaithe T a fháil le haghaidh fhaidh dhifriúla l
-
-
-
-
-
-
-
-
-
-
-
-

Marc Müinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

(ii) Luaigní dhá dheacracht thurgnamhacha a thagann chun cinn sa mhodh seo.

[2]

(iii) Luigh réamhchúram sábháilteachta ba chóir a ghlacadh sa turgnamh seo.

[


[1]

- (b) Is leis an chothromóid thíos a thugtar an gaol idir tréimhse ascalaithe T agus fad iomlán l an leachta san fheadán

$$T = 2\pi \sqrt{\frac{l}{2g}}$$

Cothromóid 3.1

- (i) Caithfidh tú graf dronlíneach a tharraingt le haghaidh na dtorthaí. Lipéadaigh na haiseanna in **Fíor 3.2** lena thaispeáint cén chainníocht a bhreacfá ar gach ceann de na haiseanna agus sceitseáil an líne a shíleann tú a bheadh ann.



Fíor 3.2

[2]

- (ii) Mínigh an dóigh a n-úsáidfeá an graf le luach a fháil le haghaidh luasghéarú na saorthitime g .

[2]

Marc Müinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (c) Nuair a dhéantar an leacht dar dlús ρ san U-fheadán a dhíláithriú fad s os cionn an tsuímh chothromáiochta, beidh barraíocht brú P á fheidhmiú ar an leacht san fheadán. Is le **Cothromóid 3.2** thíos a thugtar an bharmaíocht bhrú seo.

$$P = 2spg$$

COTHROMÓID 3.2

Leis an bharmaíocht bhrú P sa leacht a ríomh, caithfidh an mac léinn an chothromóid le haghaidh brú agus an chothromóid le haghaidh dlús a úsáid. Tosaíonn sí ar an phróiseas seo trí dhlús ρ an leachta a fháil. Bhí léamh cothromáiochta go dtí 0.01 g in úsáid le mais an leachta, 543.53 g, a fháil. Ba é 15.3 ± 0.1 cm an luach a fuarthas le haghaidh fhad an leachta san fheadán agus ba é 1.84 cm trastomhas inmheánach an fheadáin arna thomhas le cailipéar Vernier.

- (i) Faigh dlús an leachta $\left(\text{tá dlús} = \frac{\text{mais}}{\text{toirt}} \right)$.

Dlús = _____ [2]

- (ii) Faigtear luach an dlús trí go leor cainníochtaí a thomhas. Luagh cén chainníocht is mó a chuireann leis an éiginnteacht chéatadánach ionlán, mínígh do rogha agus faigh luach na héiginnteachta céatadánaí sa chainníocht seo.

_____ [3]

- (iii) Fuarthas **COTHROMÓID 3.2** trí thorthaí turgnamhacha a anailísiú. Seiceáil bailíocht **COTHROMÓID 3.2** trí aonaid na gcainníochtaí ar an dá thaobh den chothromóid a chur i gcomparáid lena chéile i dtaca le bunaonaid de.

N.B. Tá brú = $\frac{\text{fórsa}}{\text{achar}}$.

_____ [2]

Marc Müinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

6919.05